



## Measúnuithe agus Scrúduithe



### Seicliosta scrúduithe

Is seicliosta uaimhianach é seo – ní bheadh tic le gach bosca ag na mic léinn is fearr a n-éiríonn leo fiú, mar sin ná bíodh imní ortsa mura mbíonn tic le gach bosca agat ach oiread.

#### Seachtain roimh na scrúduithe:

- Tá gach rud a bhí le foghlaim foghlamtha agam agus tá nótaí maithe curtha le chéile agam do gach scrúdú.
- Caithfidh mé an tseachtain seo atá romham ag dul siar ar mo chuid nótaí agus ag daingniú an méid atá ar eolas agam i m'intinn. Tá sceideal athbhreithnithe curtha le chéile agam don tseachtain seo atá romham.
- Tá am sosa agus scíthe curtha sa sceideal agam an tseachtain seo chomh maith. Tuigim nach sláintiúil an rud é agus nach aon chúnamh é a bheith ag staidéar gan stad agus gach rud eile a ligean le sruth.
- Tá dáta, am agus ionad gach scrúdaithe ar eolas agam, agus tá mo sceideal athbhreithnithe bunaithe ar m'amchlár scrúduithe féin.
- Tá páipéir scrúdaithe ó bhlianta eile íoslódáilte agam do gach ceann de na scrúduithe atá le déanamh agam, agus díreoidh mé ar cheisteanna scrúdaithe a chleachtadh an tseachtain seo.
- Tá formáid gach scrúdaithe ar eolas agam, agus leagfaidh mé amach plean bainistíochta ama do gach scrúdú.
- Tá Rialacháin Scrúduithe OÉ Gaillimh léite agam agus tá a fhios agam cad is féidir agus nach féidir a thabhairt chuig halla na scrúduithe.

#### An lá roimh an scrúdú:

- Tá gach a mbeidh uaim agam don scrúdú – cárta aitheantais mic léinn, pinn, pinn luaidhe, rialóir, áireamhán, agus aon ábhair eile a cheadaítear a thabhairt isteach.



### Measúnuithe agus Scrúduithe



- Tá rún agam oíche mhaith chodlata a fháil agus aláram (nó alárim) iontaofa a shocrú le mé a dhúiseacht ar maidin.
- Tá a fhios agam cén t-am a gcaithfidh mé an teach a fhágáil amárach chun go mbeidh neart ama le spáráil agam nuair a bhainfidh mé an t-ionad scrúdaithe amach.
- Tuigim nach bhfoghlaimeoidh mé aon ábhar nua ag an bpointe seo, agus nílim ach ag dul siar ar a bhfuil ar eolas agam.



## Measúnuithe agus Scrúdaithe



### Lá an scrúdaithe:

- Tá bricfeasta sláintiúil ite agam agus tá mé ag ól neart uisce.
- Tá teicnící análaithe agus scíthe á n-úsáid agam chun cabhrú liom déileáil le haon imní a airím faoin scrúdú.
- D'fhéach mé ar mo chuid nótaí agus ar mo phlean bainistíochta ama den uair dheiridh agus tá mé ag iarraidh a bheith dearfach.
- Déanfaidh mé iarracht comhráite diúltacha le comrádaithe ranga a sheachaint roimh an scrúdú – tá a fhios agam go dtéann 'strus scrúdaithe' ó dhuine go duine.
- Má imíonn gach rud as mo cheann i rith an scrúdaithe, ní thiocfaidh scaoll ionam. Tuigim go gcuimhneoidh mé ar an eolas a bheidh uaim arís taobh istigh de chúpla nóiméad.
- Seachnóidh mé cur agus cúiteamh i ndiaidh an scrúdaithe – tuigim nach ndéanann sé seo ach imní a chur orm faoi rudaí nach bhfuil aon neart agam orthu.

### Tar éis an scrúdaithe

- Tá machnamh déanta agam ar an méid a d'oibrigh go maith agus an méid nár oibrigh rómhaith dom sa scrúdú seo, agus tá a fhios agam cad a dhéanfainn ar bhealach eile an chéad uair eile.
- Cuma cén toradh scrúdaithe a bheidh agam, buailfidh mé le mo chuid léachtóirí ar an Lá Comhairliúcháin (i ndiaidh scrúdaithe sheimeastar 2) le súil siar a chaitheamh ar mo pháipéar agus aiseolas a fháil.



Measúitithe agus Scrúduithe



Gaillimh